# Aonad Oibre Samplach 3
# Ranganna na Naíonán: Treodóireacht

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

| Torthaí Foghlama: Curaclam Teanga na Bunscoile | Cuspóirí Foghlama: Curaclam Corpoideachais |
|---|---|
| Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart go mbeadh páistí in ann…<br>TF4 – Struchtúr abairte agus gramadach<br>Fócas Teanga: abairtí bunúsacha a rá/a úsáid, m.sh: Ta mé ag rith, Tá trí agam<br>TF6 - Léiriú tuisceana:<br>Fócas Teanga: treoracha a leanúint, m.sh: “Faigh do chárta meaitseála, Cuirigí na cártaí faoin cón”<br>TF8 – Catagóiriú: Fócas Teanga: Rudaí a aithníonn siad a ainmniú, m.sh: Na huimhreacha a ainmniú agus meaitseáil leis na spotaí, m.sh Tá a dó agam. | Snáithe: Gníomhaíochtaí lasmuigh & gníomhaíochtaí eachtraíochta<br><br>Snáithaonad: Siúl<br><br>Cuspóirí Curaclaim: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:<br><br>• ní a aimsiú in achar teoranta de chlós na scoile agus é a úsáid i ngníomhaíocht meaitseála. |

| Trealamh | Measúnú agus Aiseolas le linn an cheachta |
|---|---|
| Sraitheanna de chártaí meaitseála. (PPT Sl. 27-34)<br><br>Marcóirí (spáis nó cóin) - ceann in aghaidh an pháiste<br>(móide dhá cheann le haghaidh taispeántais).<br><br>Pónaireáin/málaí pónairí | Breathnóireacht an mhúinteora: Siúil timpeall le linn an cheachta ag breathnú ar na páistí. Dírigh ar fhoghlaim an ábhair agus ar úsáid na Gaeilge.<br>Torthaí Foghlama na Gaeilge: An raibh siad in ann abairtí bunúsacha a rá/a úsáid? m.sh: Ar chuala tú iad ag rá “Tá a dó agam” (TF4) An raibh siad in ann treoracha a leanúint, m.sh an bhfaca tú iad ag lorg a bpáirtí (TF6) An raibh siad in ann na huimhreacha a ainmniú agus meaitseáil leis na spotaí? (TF8)<br><br>Idirdhealú - Roinnt: Abairtí bunúsacha a rá agus ceisteanna a chur/ Formhór: Na huimhreacha a ainmniú agus a meaitseáil leis na spotaí / Gach duine: Treoracha simplí a leanúint. Beirteanna ar mheascán cumais<br><br>Cuspóirí Curaclaim Corpoideachais: An féidir leis na páistí ní a aimsiú in achar teoranta de chlós na scoile tar éis leideanna simplí a bheith tugtha?<br><br>Ceistiúchán: D’fhéadfaí ceisteanna a chur ar na páistí go rialta agus iad i mbun gníomhaíochtaí lena dtuiscint a mheas - ag deireadh an ranga le dul siar ar an bhfoghlaim ábhair agus teanga.<br><br>Féinmheasúnú/ Piarmheasúnú: Úsáid ordóga suas/síos le tuiscint na bpáistí a mheas.<br><br>Dialann an mhúinteora: D’fhéadfaí nótaí a choinnéail den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise uathu.<br>Féinmheasúnú an mhúinteora: An raibh mé dílis don Chorpoideachas mar ábhar? An raibh béim ar ghníomhaíochtaí coirp? An raibh mé dílis don Ghaeilge? An ndearna mé ionchur teanga oiriúnach? An raibh deiseanna fíorchumarsáide ag na páistí? |

# Aonad Oibre Samplach 3
## Ranganna na Naíonán: Treodóireacht



| Teanga an Mhúinteora | Teanga an Mhúinteora |
|---|---|
| **Teanga an Ranga (Bain úsáid as an bhfoirm uatha/iolra nuair is cuí)**<br>Abair é/Abraigí é<br>Béic/Béicigí/Scairt/Scairtigí amach é<br>Níos airde! Níos airde arís!<br>Ní chloisim thú/sibh<br>Cad a dúirt mé?<br>An bhfuil tú/sibh réidh?<br>An dtuigeann sibh? Ordóg suas/Ordóg síos<br>Ar aghaidh libh!<br><br>**Teanga na nGníomhaíochtaí**<br>**Tasc 1:Smaointe don seomra ranga chun 'Cuirigí', 'Faighigí' agus 'Tagaigí' a mhúineadh.** Cuirigí bhur málaí faoin mbord. Cá bhfuil na málaí? Faoin mbord. Faighigí bhur málaí! Cuirigí na criáin ar an mbord. Faighigí an crián dearg. Faighigí bhur gcótaí; tá sé ag cur báistí.<br>**Tasc 2**: **An Dán 'Lucha Beaga Buí'**: Féachaigí ar an bpictiúr. Féachaigí ar na lucha. Cad atá á dhéanamh acu? Féach, tá siad ag ithe píosa cáise. Ach féach, cé hé seo? Cat mór liath! An bhfuil sé dearg? Níl. An bhfuil sé gorm? Níl. Tá sé liath, abraigí é- liath! Cad a dhéanfaidh na lucha? Rithfidh siad amach! Éistigí leis an dán- Abraigí i mo dhiaidhse é. Anois beidh spraoi againn. Tá trí luch uaim, X,Y agus Z tagaigí anseo. Is lucha sibhse. Ligigí oraibh gur lucha sibh. Sin é! An-mhaith. Gach duine ligigí oraibh gur lucha sibh! Anois tá cat mór uaim-cé a bheidh mar chat? Lámha suas? Q, is tusa an cat mór liath. Lig ort gur cat thú! Déarfaimid an dán agus déanfaimid mím beag!<br>**Tasc 3**: **An Dán 'Aon, dó, trí, ceathair, cúig, sé...'** Abraigí an dán. Déarfaidh mise é, ansin sibhse. Arís. Anois a pháistí imreoimid cluiche-cuirigí na cártaí ar an mbord, pictiúr síos. Ar do sheal pioc suas dhá chárta, an péire iad? Cad atá agat? Tá a dó agam. Is péire iad. Ní péire iad. Sea/Ní hea. Cuir ar ais iad/Coimeád iad. Tá an bua agat.<br>**Tasc 4**: **An Dán 'a hAon, a dó, muc is bó'** Cad é seo? Seo muc, bó, bróga leathair, cupán tae, seanbhean bhocht, císte te. Déarfaimid an dán 'Aon, Dó, Muc is bó'. Éistigí liomsa. Sibhse, abraigí amach é. Go tapa, go mall, go hard, go híseal, ag cogarnaíl.<br>**Tasc 5**: **An Dán 'Tá mé ag siúl'.** 'Tá mé ag siúl' Déarfaimid dán. Seas leat féin. Bí ag siúl. Bí ag scipeáil. Bí ag léim. Anois i mbeirteanna, déanaigí é le chéile. Beirigí greim lámha ar a chéile. Bígí ag siúl le chéile. Bígí ag scipeáil. Bígí ag rith. Bígí ag léim. | **Tasc 6: Lean na Treoracha**<br>Féach ar an gcomhartha.<br>Seo bun/ barr an halla/an chlóis.<br>Suígí síos ag na cóin ag bun an halla/tseomra.<br>Léimigí ar aghaidh go barr an halla, rithigí siar go bun an halla.<br>Rithigí ar aghaidh go barr an halla, siúlaigí siar go bun an halla<br><br>**Tasc 7: Cluiche Teanga: Rithigí go hUimhir a ... (Sleamhnan 18 & 19)**<br>Suígí ag bun an halla. Féachaigí timpeall. Cad é an uimhir seo? A hAon/ A Dó/ A Trí/ A cheathair/ A chúig. Fan, nuair a chloisfidh sibh an fheadóg, rithigí go huimhir a trí! Seasaigí anois, an bhfuil sibh réidh... Anois, ar an bhfeadóg, rithigí go hUimhir a Dó/Trí/Cheathair/Chúig.<br><br>**Tasc 8:** Scaipfidh mé na cóin amach timpeall an halla. Cón dearg anseo, cón gorm ansin. An gcabhróidh duine liom? A Sheáin, an gcuirfidh tú uimhir faoin gcón seo? Anois cuirfidh mé sibh i mbeirteanna. Beidh sibhse le chéile. Is é Séan do pháirtí. Is í Síle do pháirtí. Siúlaigí timpeall an halla le do pháirtí. Nuair a chloisfidh sibh an fheadóg, stopaigí ag cón, pioc suas an uimhir atá faoi. Cad atá agat? 2. Tá a dó agam, abair é? |

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

| Teanga na Múinteoirí | Teanga na nDaltaí |
|---|---|
| **Tasc 9: An Phríomhghníomhaíocht Treodóireachta**<br>Anois, scaipfimid amach na cóin. Tóg cón agus cuir é síos áit éigin. Scaip amach iad óna chéile. Anois a pháistí tóg uimhir-cuir an uimhir faoi chón. Má tá uimhir fúithi cheana téigh go ceann eile. Tagaigí ar ais chugam.<br><br>Anois, féachaigí orm- táimse ag scipeáil timpeall na gcón. Má chloisim an fheadóg-stopfaidh mé agus siúlfaidh mé ag cón atá in aice liom. Ansin piocfaidh mé suas an cón agus tógfaidh mé an cárta. Cad atá agam? Ó féach tá a trí agam. Anois gach duine, bígí ag scipeáil. Sin an fheadóg-stopaigí agus siúlaigí ag cón. Pioc suas an cón. Tóg an cárta. Hmmm tá a 2 agam. An bhfuil a dó ag éinne eile. Téann muid le chéile. Is tusa mo pháirtí. Is tusa páirtí Noah. Is tusa páirtí Amaia. Is tusa páirtí Sheáin. Cé hé do pháirtí? Cé hí do pháirtí? An bhfuil páirtí agat? Déanfaidh mé seiceáil. Anois cuir an cárta ar ais faoi chón agus déanfaimid arís é.<br>{Má tá corrlíon páistí-is féidir libh triúr dul le chéile, is páirtithe sibh triúr}.<br><br>**<u>Fuarú Iaraclaíochta</u>**<br>**Tasc 10:**<br>Féachaigí ormsa. Bígí ag scipeáil cosúil liomsa! Níos moille! Níos moille arís! An-mhall/ Ar an spota/ Ag siúl ar an spota/ Níos moille/ Agus ag seasamh/ Go deas socair. | Tá mé ag rith<br>Tá muid/Táimid ag rith, ag siúl, ag léim, ag scipeáil srl.<br>Ar chlé, ar dheis, ar aghaidh, ar bharr an tseomra •<br><br>Tá a haon/dó/trí/ceathair/chúig agam / An bhfuil a haon/dó/trí/cheathair/chúig agat?<br>Tá/Níl cón agam. Tá/Níl páirtí agam. Tá/níl uimhir agam. Tá agam/Níl agam.<br><br>Péire! Táimid le chéile.<br><br>Is maith liom/linn corpoideachas<br><br>**Na Dánta**<br><br>Aon, dó, trí, ceathair, cúig, sé, / Císte deas i gcomhair an tae, /Uachtar reoite, banana buí, Lollipop is oráistí.<br><br>A haon, a do, a trí/ Lucha beaga buí / Ag ithe píosa cáise/ I ngan fhios d'fhear an tí<br>Cat mór liath / Tháinig sé isteach / Cad a dhein na lucha / Rith siad amach!<br><br>A haon, a dó, muc is bó,/ A trí, a ceathair, bróga leathair, / A cúig, a sé, cupán tae,<br>A seacht, a hocht, seanbhean bhocht, / A naoi, a deich, císte te.<br><br>Tá mé ag siúl, Féach orm hé hé, / Tá mé ag siúl, / Ar dheis agus ar chlé!<br>Tá mé ag rith, Féach orm hé hé, Tá mé ag rith, Ar dheis agus ar chlé!<br>Tá mé ag léim, Féach orm hé hé, / Tá mé ag léim, / Ar dheis agus ar chlé!<br>Táimid ag siúl,/ Ar aghaidh linn le chéile, / Táimid ag siúl, / Seo muid ag barr an tseomra!<br>Táimid ag rith,/ Ar aghaidh linn le chéile, / Táimid ag rith,/ Seo muid ag barr an tseomra!<br>Táimid ag léim,/ Ar aghaidh linn le chéile,/ Táimid ag léim,/ Seo muid ag barr an tseomra! |

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an acmhainn seo beartaithe mar threoir inoiriúnaithe. Tugann sé rogha do mhúinteoirí na gníomhaíochtaí agus na tascanna a athrú, a leathnú, nó a shrianú, mar is cuí dá gcomhthéacs.

Suíomh: Seomra Ranga (Is féidir tascanna a roghnú as tascanna 1-5 chun na huimhreacha is an teanga a bhaineann le meaitseáil a mhúineadh do na páistí).

- **Tasc 1: Smaointe don seomra ranga** chun 'Cuirigí', 'Faighigí' agus 'Tagaigí' a mhúineadh. (Sleamhnán 4 & 5).
- **Tasc 2: 'Lucha Beaga Buí'**: Bain úsáid as Sleamhnán 6-7, an rann, an pictiúr, mímeanna beaga agus athrá chun na huimhreacha 1,2,3 agus an foclóir a bhaineann leis an dán seo a mhúineadh do na páistí.
- **Tasc 3: 'Aon,dó, trí, ceathair, cúig, sé...'** (Sleamhnán 8 & 9) Taispeáin an físeán don rang, Úsáid na pictiúir ar na sleamhnáin chun an foclóir a mhúineadh do na páistí. Gníomh breise roghnach- Is féidir cluiche meaitseála a dhéanamh leis an bhfoclóir ón dán.
- **Tasc 4: 'Aon, Dó, Muc is bó'** (Sleamhnáin 10-15)**,** Múin an dán ag na páistí, ag baint úsáid as na pictiúir agus iad á rá. Iarraigí ar na páistí an dán a léiriú ar bhealaí éagsúla (go tapa, go mall, go hard, go híseal). Agus an dán seo ar eolas acu, déanaigí cleachtadh ar chomhaireamh as Gaeilge leo ó am go chéile, Bí ag comhaireamh amach os ord go minic le linn na seachtaine.
- **Tasc 5: 'Tá mé ag siúl'** (Sleamhnán 15). Bain úsáid as an ngníomhamhrán chun gur féidir leis na páistí na hainmneacha briathartha 'ag siúl', 'ag rith', 'ag léim' agus 'ag scipeáil' a fhoghlaim agus chun go bhfaighidh siad tuiscint ar an difir idir 'Tá mé' agus 'Táimid'

Suíomh: Halla Spóirt/Clós na Scoile

- **Tasc 6: Lean na treoracha** (Sleamhnán 18) Ar dtús, Cuir i gcuimhne do na páistí go gciallaíonn XXX barr an halla. Cuir an comhartha XXX ag barr an halla. Cuir na páistí ina suí ag bun an halla. Iarr ar na paistí siúl leat go barr an halla agus siúl ar ais go bun an halla. Úsáid na téarmaí ar aghaidh agus siar. Ansin tabhair treoracha éagsúla do na páistí m.sh. Rithigí ar aghaidh go barr an halla, siúlaigí siar go bun an halla nó Léimigí ar aghaidh go barr an halla, rithigí siar go bun an halla.

- **Tasc 7: Cluiche Teanga: Rithigí go hUimhir a ...** (Sleamhnan 20) Cluiche 2 Priontáil trí chóip de na huimhreacha 1-5 (Féach ag deireadh an PPT) agus croch suas timpeall an halla iad. Cuir na páistí ar ais ag an túsphointe ag bun an halla. Déan na huimhreacha a chleachtadh agus do mhéar a dhíriú ar na huimhreacha ar an mballa. Abair arís is arís eile iad leis na páistí – a haon, a dó, a trí, a ceathair, a cúig. Ar comhartha m.sh. feadóg, abair "Rithigí go huimhir a trí". Ritheann na páistí go dtí uimhir a trí ar an mballa. Déan é seo a chleachtadh cúpla uair chun cleachtadh a dhéanamh ar thuiscint na n-uimhreacha.

- **Tasc 8: Cluiche 3 : Cad atá agat?** (Sleamhnán 21). Scaip amach na cóin timpeall an halla. Cuir uimhir faoi gach cón (is féidir leis na páistí cabhrú leat). Cuir na páistí i bpéirí agus abair "Siúlaigí timpeall an halla". Ar chomhartha m.sh. feadóg, taispeáin do na páistí conas siúl chuig cón agus uimhir a fháil. Abair " Cad atá agat?" "Ta a dó agam" Déan é seo a chleachtadh cúpla uair. Léirigh do na páistí conas siúl chuig an uimhir chéanna ar an mballa agus é a mheaitseáil. Tabhair deis do na páistí é a dhéanamh arís agus arís eile. Nuair atá na páistí ag an mballa cuir ceist orthu " Cad atá agat?" Spreag iad chun "Tá dó agam" a rá. Is féidir leat múnlóireacht a dhéanamh le páiste/duine fásta. Cleachtaigh é seo arís is arís eile.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an acmhainn seo beartaithe mar threoir inoiriúnaithe. Tugann sé rogha do mhúinteoirí na gníomhaíochtaí agus na tascanna a athrú, a leathnú, nó a shrianú, mar is cuí dá gcomhthéacs.

- **Tasc 9: An Phríomhghníomh Treodóireachta** (Sleamhnán 22-24).

Ar dtús, ar shleamhnán 22 mínítear conas an cluiche a leagan amach, le cabhair na bpáistí. Léirigh do na páistí conas na cóin a scaipeadh timpeall an halla. Ansin tabhair cárta do gach páiste agus léirigh do na páistí conas na cártaí a chur faoin gcón. Ansin abair leo teacht ar ais chugat.

Anois, mínigh do na páistí conas an cluiche a imirt. Le páiste/duine fásta eile taispeáin do na páistí conas siúl chuig cón agus cárta a phiocadh. Ansin, iarr ar na páistí siúl/dul ar bhogshodar/scipeáil thart ar an trealamh. Léirigh do na páistí conas siúl chuig marcóir/cón agus conas an cárta a thógáil ar chomhartha ar leith m.sh séideadh na feadóige. Léirigh do na páistí conas dul thart i measc na bpáistí eile chun an páiste a bhfuil an cárta meaitseála acu a aimsiú. Abair leo teacht ar ais chugat ina mbeirteanna.

## Suíomh: Seomra Ranga
## Trealamh: Teilifís chliste, PowerPoint

- **Tasc 10: Fuarú iaraclaíochta**

Nuair atá gach duine críochnaithe, déan gníomhaíocht iaraclaíochta (fuaraithe) leis na páistí, seo samplaí: https://pssi.pdst.ie/pdf/gen/gen_2_cooldown.pdf

Seal Fuaraithe:

Scipeálann na páistí, iad ag éirí níos moille de réir a chéile.

Moillíonn fad na scipeála freisin go dtí go bhfuil siad ag scipeáil ar an spota.

Téann siad ó scipeáil go siúl.

Seasann siad socair.

- **Tasc 11: Athneartú**

Is féidir athneartú a dhéanamh ar theanga nua an cheachta seo (mar shampla na huimhreacha) ag baint úsáide as na straitéisí céanna - rann, amhrán, dán agus cluiche teanga arís agus arís eile. Tá a thuilleadh smaointí ar Shleamhnán 24.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

**Tagairtí**

- Curaclam na Bunscoile 1999 Corpoideachas (Lch 23)
- Corpoideachas: Treoirlínte do Mhúinteoirí 1999 (Lch 91)
- Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum 2019
- Mata sa Naíonra (Gaeloideachas) https://gaeloideachas.ie/matasanaionra/4-scealta/
- Tionscnamh Spóirt i mBunscoileanna (PSSI) 1999 (https://pssi.pdst.ie/
- Gluais go Maith, Gluais go Minic (PDST) https://www.pdst.ie/physlit

**Nótaí an Mhúinteora:** D'fhéadfá nótaí a choinneail den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise de dhíth orthu ó thaobh na teanga de nó an chorpoideachais de. Nó breac nótaí breise síos maidir le hoiriúnacht an cheachta.